Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Feabhra 2018**
**(OR. en)**

**6330/18**

**COHOM 27**
**CFSP/PESC 162**
**DEVGEN 16**
**COASI 35**
**FIN 140**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 26 Feabhra 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 9/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: "Tacaíocht ón Aontas chun cur i gcoinne na gáinneála ar dhaoine san Áise Theas/Thoir Theas" |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 9/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: "Tacaíocht ón Aontas chun cur i gcoinne na gáinneála ar dhaoine san Áise Theas/Thoir Theas", a glacadh an Chomhairle ag an 3598ú cruinniú a bhí aici ar an 26 Feabhra 2018.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 9/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: "Tacaíocht ón Aontas chun cur i gcoinne na gáinneála ar dhaoine san Áise Theas/Thoir Theas"**

1. Is díol sásaimh don Chomhairle Tuarascáil Speisialta Uimh. 09/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: "Tacaíocht ón Aontas chun cur i gcoinne na gáinneála ar dhaoine san Áise Theas/Thoir Theas"[1].

2. Tugann an Chomhairle na conclúidí ón Tuarascáil Speisialta dá haire, is é sin go bhfuil ag éirí go maith le tacaíocht an Aontais chun cur i gcoinne na gáinneála ar dhaoine san Áise Theas/Thoir Theas agus go gcuirtear cur chuige cuimsitheach ar fáil le creat beartais an Aontais maidir leis an ngáinneáil ar dhaoine chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin, fiú mura bhfuil forbairt iomlán déanta ar roinnt gnéithe den chreat beartais sin go fóill; Ina theannta sin, mar a léiríonn an Chúirt freisin, bhí an t-idirphlé maidir le cearta an duine cuiditheach go maith mar thacaíocht chun cur i gcoinne na gáinneála ar dhaoine. Tugann an Chomhairle dá haire freisin go raibh dea-thoradh ar na tionscadail a scrúdaigh an Chúirt san Áise Theas/Thoir Theas maidir le cur i gcoinne na gáinneála ar dhaoine, go bhféadfadh tionchar ní ba láidre a bheith orthu dá nglacfaí cur chuige ní ba chuimsithí lena gceadófaí tuilleadh teagmhála agus sineirgí idir na tionscadail agus uirlisí ábhartha eile chun cur i gcoinne na gáinneála ar dhaoine.

3. Aithníonn an Chomhairle na moltaí ón gCúirt agus tugann sí aird faoi leith orthu, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an ngá atá le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chreat straitéiseach an Aontais i gcoinne na gáinneála ar dhaoine, chun feabhas a chur ar an treoir maidir leis an ngné sheachtrach, agus chun a áirithiú go ndéanfar tionscadail a dhearadh ar bhealach a mbainfidh siad an tionchar is mó is féidir amach. Athdhearbhaíonn an Chomhairle an toil atá aici tuilleadh a dhéanamh, agus cur leis an obair atá idir lámha aici maidir le beartas éifeachtach ón Aontas chun aghaidh a thabhairt ar gháinneáil ar dhaoine, lena n-áirítear an feiniméan sin gona éileamh a chosc agus a laghdú, mar aon le cúnamh agus tacaíocht a chur ar fáil d'íospartaigh na gáinneála.

4. Tugann an Chomhairle dá haire na freagraí ón gCoimisiún agus ó SEGS a ghabhann leis an Tuarascáil Speisialta mar aon leis an nglacadh atá acu leis na moltaí ón gCúirt. Is díol sásaimh di na freagraí sin.

[1] https://www.eca.europa.eu/Lists/ECADocuments/SR17_9/SR_HUMAN_TRAFFICKING_EN.pdf

5. Chun go bhforbrófar comhpháirtíochtaí tiomanta i gcoinne na gáinneála ar dhaoine agus inbhuanaitheacht fheabhsaithe tionscadal san Áise Theas/Thoir Theas, aithníonn an Chomhairle go bhfuiltear ag brath ar idirphlé cuiditheach le tíortha an réigiúin, agus leis na foirmíochtaí réigiúnacha amhail ASEAN agus ASEM, maidir le saincheisteanna níos leithne amhail urraim ar chearta an duine agus cúnamh don chomhar, ar fóraim idirphlé iad ina bhfuil saincheisteanna a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine faoi chaibidil i láthair na huaire. Is próiséas é sin a ghlacfaidh am, acmhainní agus dlúthchomhar le comhpháirtithe an réigiúin. Sampla den tiomantas comhpháirteach sin an tIdirphlé maidir le Cearta an Duine idir an tAontas agus ASEAN a seoladh in 2015.

6. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar SEGS na moltaí ón Tuarascáil Speisialta a chur chun feidhme agus is díol sásaimh di na gníomhaíochtaí a rinneadh go dtí seo nó a bhfuiltear ag tabhairt fúthu i láthair na huaire. Is díol sásaimh ar leith don Chomhairle gur ghlac an Coimisiún an teachtaireacht dar teideal "Tuairisciú ar an obair leantach maidir le straitéis an Aontais chun an gháinneáil ar dhaoine a dhíothú agus chun tuilleadh gníomhaíochtaí nithiúla a shainaithint"[2] mar bhunús le tuilleadh bearta praiticiúla a fhorbairt sa chaidreamh seachtrach agus sna réimsí cúnaimh ionas go gcuirfear chun feidhme raon feidhme iomlán na moltaí atá sa Tuarascáil Speisialta.

7. Molann an Chomhairle don Aontas gona Bhallstáit dlús a chur leis an tacaíocht a thugann siad, agus comhordú na tacaíochta sin a fheabhsú, i dtaca le hiarrachtaí chun aghaidh éifeachtach a thabhairt ar an ngáinneáil ar dhaoine san Áise Theas agus Thoir Theas.

---

[2] COM(2017) 728 final